Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/7306

16.12.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Rejonowy w Gdyni (an Pholainn) a taisceadh an 16 Meán Fómhair 2024 – GD Partners Sp. z o.o. v Spółdzielczej Kasie Oszczędnościowo – Kredytowej im. Franciszka Stefczyka**

**(Cás C-600/24, GD Partners)**

(C/2024/7306)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy w Gdyni

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* GD Partners Sp. z o.o.

*Cosantóir:* Spółdzielcza Ka Oszczędnościowo - Kredytowa im. Franciszka Stefczyka

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil Airteagail 3(1) agus 4(2) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra ([1]) le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar théarmaí a chur le conradh maidir le sannadh éileamh airgid arna thabhairt i gcrích ag tomhaltóir le trádálaí ar mhaithe le leas airgid, ar téarmaí iad ar dá réir a shocraítear mar chóimheas céatadáin an chuid den luach saothair atá dlite don tomhaltóir as an éileamh a shannadh, i gcás nach sonraítear méid na n-éileamh atá le sannadh leis an gconradh?

([1]) IO 1993 L 95, lch. 29.